

Aonad 1:

Tuiscint ar an dráma agus ar an léiriú

Aonad 1: Tuiscint ar an dráma agus ar an léiriú

Cuid 1: Ag díriú ar an dráma

Gaeilge	Éisteacht, Labhairt, Scríbhneoireacht	Ag cothú spéise Ag tuiscint teanga Ag úsáid teanga
Na hAmharcealaíona	Líníocht	Líníochtaí a dhéanamh Breathnú agus Freagairt
OSPS	Mise	Féinaithne

Gníomhaíochtaí

- Plé ar an dráma agus an léiriú
- Ag déanamh nascanna
- Ról-ar-an-mballa: ag tarraingt agus ag scríobh
- Cathaoir an Ealaíontóra

Cuspóirí:

1. Plé a dhéanamh ar na smaointe a bhí ag na páistí maidir leis an dráma agus an léiriú.
2. Obair a dhéanamh i ngrúpaí beaga chun nascanna a aimsiú idir an dráma agus scéalta eile.
3. Carachtar a tharraingt agus eolas a scríobh mar gheall ar an gcarachtar.
4. An obair atá déanta acu a roinnt le chéile, a cheistiú agus a phlé.

Gníomhaíocht 1: Plé ar an dráma agus an léiriú

Cuspóir foghlama: *Plé a dhéanamh ar na smaointe a bhí ag na páistí maidir leis an dráma agus an léiriú.*

- Tar éis do na páistí an léiriú a fheiceáil den dráma *Dorchadas Draíochta*, iarr ar na páistí **Smaoineamh, Péireanna agus Roinnt:**
- **Smaoinigh** ar an méid a thaitin leo. Cén charachtar ab fhearr leo? Cén fáth. Péigh é seo i b**Péireanna**. Ansin **Roinn** na smaointe leis an rang.
- Ag leanúint ar aghaidh leis an bPlé:

- Cad a athródh siad sa dráma? Cén fáth?
- Cén nóiméad nó radharc ab fhearr leo?
- Dá mbeadh siad in ann ceist a chur ar charachtar, cad a déarfadh siad? Cén fáth?
- Conas ar chruthaigh an Stiúrthóir, na hAisteoirí agus na Dearthóirí domhan an dráma?
- **Pointe Plé:** *Dorchadas Draíochta* an teideal atá ar an dráma. Cén teideal eile a bheadh go maith?

Gníomhaíocht 2: Ag déanamh nascanna

Cuspóir foghlama: *Obair a dhéanamh i ngrúpaí beaga chun nascanna a aimsiú idir an dráma agus scéalta eile.*

Ábhair: Post its, pinn luaidhe, pinn luaidhe daite, píosa mór cárta

- Ag obair/plé i nGrúpaí Boird, cuir na ceisteanna seo ar an rang:
- Ar chuir an dráma seo scéalta eile i gcuimhne dóibh? Éist leis na smaointe ó na grúpaí.
- Cén cosúlachtaí agus difríochtaí a bhí ann idir scéal an dráma agus scéalta eile atá ar eolas acu? An raibh an scéal cosúil le scéal 'Hansel and Gretel'?
- Tabhair post-its do gach grúpa chun na smaointe a scríobh síos. Iarr ar pháiste amháin ó gach grúpa na post-its a ghreamú ar pháosa cárta mór i lár an tseomra.
- Léigh agus pléigh na smaointe a bhí ag na grúpaí.
- **Pointe Plé:** Dá mbeadh tú ag ath-insint scéal Hansel and Gretel, cad a choimeádfadh tú ón scéal? Cad a athródh tú? Tabhair seans do na páistí na smaointe a roinnt agus a phlé.

Gníomhaíocht 3: Ról ar an mBalla - ag tarraingt agus ag scríobh.

Cuspóir Foghlama: *Carachtar a tharraingt agus eolas a scríobh mar gheall ar an gcarachtar.*

Ábhair: Cóip den Ról ar an mBalla ar an gClár Bán Idirghníomhach.

- Taispeán an Ról an an mBalla den charachtar Niamh ar an gClár Bán Idirghníomhach. (Tá an sampla ag deireadh an Phlean Cheachta seo.)

- Pléigh an méid atá ar eolas againn mar gheall ar an gcarachtar Niamh.
- Iarr ar na páistí na smaointe a léamh agus a phlé i bpéireanna. An aontaíonn siad leo? Cad eile is féidir a rá faoi Niamh?
- I bpéireanna, iarr ar na páistí Ról ar an mBalla a chrú do charachtar eile sa dráma: Séamus, Mamaí nó an Gruagach.
- Cabhraigh leis na páistí lipéid a chur ar na pictiúir ag cur síos ar an gcuma atá ar an gcarachtar, conas a mhothaíonn siad, cad a deireann siad, cad atá uathu agus cad nach maith leo.
- Roinn obair na bpáistí le 'Cathaoir an Ealaíontóra' (Gníomhaíocht 4) agus taispeán sa seomra ranga iad.

Gníomhaíocht 4: Cathaoir an Ealaíontóra

Cuspóir Foghlama: *An obair atá déanta acu a roinnt le chéile, a cheistiú agus a phlé.*

Ábhair: Cathaoir le cuisín nó éadach uirthi.

- Cuir cathaoir le cuisín nó éadach "speisialta" uirthi os comhair an ranga. Seo 'Cathaoir an Ealaíontóra'. Is féidir leis na páistí teacht ina n-aonar nó i bpéireanna chun a gcuid oibre a thaispeáint.
- Is féidir leis na páistí an carachtar a roghnaigh siad (don Ról ar an mBalla, Gníomhaíocht 3) a phlé: Cén fáth ar roghnaigh siad an carachtar sin? Cad a thaitin leo faoin gníomhaíocht seo?
- Cothaigh ceisteanna ón rang freisin, ag smaoineamh ar na Ceist-Fhocail: Cé? Cad? Cathain? Cén áit? Cén fáth?
- **Pointe Plé:** Iarr ar an Rang smaoineamh ar conas gur féidir Ról ar an mBalla a úsáid arís. An bhféadfadh siad é a úsáid le carachtar ó leabhar Gaeilge nó Béarla atá á léamh acu? Pléigh na smaointe. Déan iarracht deis a thapú chun Ról ar an mBalla a úsáid i gcomhthéacs eile leo.

Cuid 2: Carachtair, Struchtúr an Scéil agus Dearadh Seite

Gaeilge	Labhairt, Scríbhneoireacht	Ag cothú speise Ag úsáid teanga Ag tuiscint teanga
Na hAmharcealaíona	Líníocht Tógáil	Líoníochtaí a dhéanamh Tógálacha a dhéanamh Breathnú agus féachaint
Drámaíocht	Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú	Iniúchadh agus déanamh drámaíochta Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

Gníomhaíochtaí:

- An Suíochán Te agus Ceisteanna
- Turas an Scéil: ag scríobh agus ag tarraingt
- Bosca an Scéil: Dearadh Seite

Cuspóirí:

1. Obair a dhéanamh i ról, agus ceisteanna a chruthú agus a chur ar charachtar i ról.
2. An scéal a ath-insint agus úsáid eochairfhocail, abairtí agus pictiúir.
3. Seit beaga a shamhlú, a dhearadh agus a dhéanamh don dráma.

Gníomhaíocht 1: An Suíochán Te

Cuspóir Foghlama: *Obair a dhéanamh i ról, agus ceisteanna a chruthú agus a chur ar charachtar i ról.*

Ábhair: Hata/scarf/cóta agus an Clár Bán Idirghníomhach.

- Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh leis an rang iomlán agus an múinteoir (nó páiste) i ról, nó i ngrúpaí beaga le páiste amháin i ról agus na daoine eile ag ceistiú.
- Inis don rang go mbeidh carachtar ón dráma mar chuirteoir - go mbeidh an hata/scarf/cóta mar chomhartha dúinn den charachtar sin. Nuair a bheidh an múinteoir/an páiste ag caitheamh an hata

sin, samhlaigh gurb í nó é an carachtar sin. Nuair a bhaineann siad an hata díbh, is í/é an múinteoir/páiste arís.

- Pléigh cén carachtar gur mhaith leo a bheith ag caint leo (nó is féidir é seo a shocrú roimhré). Ansin, pléigh na ceisteanna gur mhaith leo a chur ar an gcarachtar sin. Mar shampla, más í Mamaí an carachtar a roghnaíonn siad, b'fhéidir go mbeadh na ceisteanna seo: Cá mbíonn tú ag obair? Cén sórt bia a dhéanann tú? Conas a fhéachann an Ghealach ar na páistí? Smaoinigh ar na Ceistfhocail: Cé? Cad? Cathain? Cén áit? Cén fáth?
- Breac síos roinnt ceisteanna ar an gClár Bán, mar threoir.
- Taispeánann an múinteoir an módh oibre, ag cur an hata air/uirthi féin agus ag rá: "Is mise Mamaí. Dia dhaoibh. Tá áthas orm bualadh libh."
- Is féidir leis an múinteoir an hata a bhaint de/di am ar bith, (agus a chur ar ais arís) chun na ceisteanna a threorú. Hata = carachtar, gan hata = múinteoir.
- Tar éis an Suíochán Te, pléigh an méid eolas a fuair siad amach mar gheall ar an gcarachtar.
- **Pointe Plé:** Inis don duine in aice leat dhá rud a fuair tú amach, agus run amháin eile gur mhaith leat a fháil amach fós.

Gníomhaíocht 2: Turas an Scéil

Cuspóir Foghlama: *An scéal a ath-insint agu úsáid eochairfhocail, abairtí agus pictiúir.*

Ábhair: Rolla mór páipéir (nó leathanaigh mhóra greamaithe le chéile), pinn luaidhe, pinn (luaidhe) dhaithe, na hEochairfhocail: Ar dtús ... Agus ansin ... Go tobann ... Agus i ndiaidh sin ... Ach ... Go luath ... Ar deireadh ...

- Tá an ghníomhaíocht seo úsáideach chun imeachtaí scéil a chur in ord, nó chun Líne Ama a dhéanamh.
- Is féidir Turas an Scéil a dhéanamh mar ghrúpa iomlán i spás mór oscailte, nó i ngrúpaí ag na boird, le píosa páipéir mór ag gach grúpa.
- Inis scéal an dráma/iarr ar na páistí smaoineamh ar na himeachtaí is tábhachtaí sa dráma. Cad a tharla ag tús an dráma? Cad a tharla i lár an dráma? Ar tharla rud éigean tábhachtach ag an Aonach. Cad a tharla gach oíche? Cad a tharla ag deireadh an dráma? Pléigh na ceisteanna i bpéireanna.

- Leis an grúpa ar fad, pléigh smaointe na bpáistí agus roghnaigh trí imeacht tábhachtach ó thús an dráma, lár an dráma agus deireadh an dráma. An raibh rudaí a tharla gach uile oíche? Cén cheist a chuir Séamus ar Mhámaí gach oíche?
- Roinn an rang i ngrúpaí agus cuir na grúpaí ag suí ar an dá thaobh den rolla páipéar ar an úrlár (beidh an rolla sínte amach ar an úrlár). Tá gach grúpa freagrach as imeacht amháin ón dráma a tharraingt agus a scríobh ar an bpáipéar, mar shampla an grúpa atá ag suí ag tús an pháipéir, déanann siad pictiúr de rud éigean a tharlaíonn ag tús an dráma (na carachtair a chur in aithne, mar shampla), ansin beidh grúpa a dhéanann pictiúr den méid a tharlaíonn gach oíche, an chéad ghrúpa eile ag déanamh pictiúr den méid a tharlaíonn ag an Aonach - srl. Is féidir focail a scríobh freisin.
- Tá an rolla páipéir cosúil le **léarscáil den scéal**. Is féidir le páistí i ról mar Niamh agus Séamus (nó bréagáin) a bheith ag siúl tríd an scéal ar fad. Déan turas ar an dráma ar fad, ag siúl fad an pháipéir agus ag ligint do na páistí a bpictiúir a mhiniú agus a "insint" dá chéile.
- **Pointe Plé:** Cén rudaí eile gur féidir linn a chur leis an Turas/Léarscáil seo? Mothúcháin na carachtair, rogha a rinne siad - srl. Is féidir an rolla mór páipéir a chur i dtaisce agus a ath-úsáid chun an scéal seo, nó scéal eile, a ath-insint.

Gníomhaíocht 3: Bosca an Scéil

Cuspóir Foghlama: *Seit beaga a shamhlú, a dhearadh agus a dhéanamh don dráma.*

Ábhair: Boscaí bróg, boscaí beaga cárta, páipéar éadrom, páipéar crepe, páipéar ath-chúrsáil, pictiúir den méid atá sa dráma (Aonach, teach ...), props beaga chun an domhan a chruthú (boscaí beaga don Traen Taibhse, bréagáin/bábóga do na carachtair, sean-bhréagáin bídeacha, gliú/PVA.

- Is féidir leis na páistí obair a dhéanamh i bpéirí nó ina n-aonar chun Seit beag a chruthú de dhomhan an scéil. Tá bosca bróg/bosca cárta úsáideach chun fráma a thabhairt don domhan beag seo.
- Caithfidh na páistí téma a roghna - an teach? An tAonach? An baile beag? An Trean Taibhse. Déan iarracht rogha leathan a chothú sa ghrúpa.

- Is féidir leis na páistí an bosca a chlúdú le páipéar, pictiúir, páipéar crepe chun cúlra a dhéanamh. Ansin is féidir rudaí 3D a chur sa bhosca (agus a ghreamú) - mar shampla an Traen, nó an Fear Grinn leis na balúin, na carachtair - srl. Is féidir props beaga a chur ann freisin chun an domhan beag seo a mhaisiú le sonraí.
- **Pointe Plé/Taispeántas:** Déan Iarsmalann/Musaem Siúil leis na boscaí ar fad ionas gur féidir leis na páistí siúl tríd agus caint faoin obair agus ceisteanna a chur ar a chéile.